

# Nóta Treorach:

## Deimhniúchán GDPR

Meán Fómhair 2020

## Clár an Ábhair

<b>Réamhrá</b> .....	2
<b>Deimhniú faoi GDPR</b> .....	4
Scéimeanna deimhniúcháin .....	5
Sainmhínte .....	5
Déan Teagmháil Linn .....	7
Tuilleadh eolais .....	7
Treoirlínte EDPB .....	8
Eagrais caighdeán .....	8
<b>CCanna ar Dheimhniúchán</b> .....	10
Céard é Deimhniúchán ó thaobh GDPR de? .....	10
Cé na réimsí oibre a bhaineann le scéimeanna deimhniúcháin? .....	10
Cé na buntáistí a bhaineann le Deimhniúchán? .....	11
An riachtanas de chuid GDPR é an Deimhniúchán? .....	12
Cé a bhíonn rannpháirteach sa deimhniúchán agus cad a dhéanann siad? .....	12
Céard iad 'riachtanais bhreise'? .....	12
Cé na 'critéir' ar gá do DPC iad a fhaomhadh? .....	13
Cé a fhorbróidh scéimeanna agus critéir dheimhniúcháin? .....	13
Cé leis/cén áit a ndéanann úinéir scéime nó foras deimhniúcháin iarratas ar fhaomhadh scéim dheimhniúcháin GDPR? .....	14
Cén suntas a bhaineann le Séala AE? .....	14
Cad é mar is féidir fios a bheith againn an bhfuil próiseáil nó seirbhís eagrais deimhnithe? .....	14
An gciallaíonn deimhniúchán go bhfuil eagrais ag comhlíonadh GDPR? .....	15
Cad é an difear idir "deimhniúchán GDPR" agus deimhniúchán eile? .....	15
Céard é ISO/IEC 17065/2012? .....	15

## Réamhrá

Cuirtear chun cinn sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (**GDPR**), ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, go léireoidh eagrais mar a chomhlíonann siad forálacha an GDPR. Tá sé seo leagtha amach in Airteagail 42 agus 43 den GDPR, ina bpléitear le deimhniúchán cosanta sonraí agus ina gcuirtear ar chumas eagrais bearta comhlíonta atá i bhfeidhm acu a léiriú agus a mhíniú agus, san am céanna, a chur ar a gcumas riachtanais GDPR a fheabhsú agus dul céim níos faide. Is féidir, dá réir, a dheimhniú go bhfuil cosaintí cuí ag eagrais chun sonraí pearsanta a phróiseáil.

Is le leas daoine ar ábhar sonraí iad bearta den saghas seo óir cuirtear ar a gcumas an leibhéal cosanta sonraí a chuirtear ar fáil in oibríochtaí próiseála teicniúla agus eagraíochtúla eagrais a rochtain agus a thuiscint gan mhoill. Le cois Chóid Cleachtais GDPR, tá tábhacht le deimhniú óir cuirtear ar fáil uirlis cuntasachta phoiblí a chuireann ar chumas eagrais bearta comhlíonta a léiriú do dhaoine aonair, d'eagrais eile a n-oibríonn sé i bpáirt leo agus d'údaráis mhaoirseachta.

Cuid lárnach de dheimhniú is ea "scéim dheimhniúcháin" mar a thugtar go forleathan uirthi. I gcomhthéacs GDPR, sainítear i scéimeanna den saghas na meicníochtaí atá i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a phróiseáil agus mar a fheidhmítear rialuithe agus bearta cuí. Is féidir le foras deimhniúcháin creidiúnaithe, dá réir, iad seo a mheas. Má tá siad sásta, féadann foras deimhniúcháin a bhailíochtú agus a dhearbhu go bhfuil rialuithe agus bearta cuí curtha i bhfeidhm ag an eagrais agus go gcomhlíonann a bpróiseas nó seirbhís ar leith riachtanais na scéime agus critéir cosanta sonraí. Ansin, féadann an foras deimhniúcháin a dhearbhu gur amhlaidh atá. Ina dhiaidh sin, déanann an foras deimhniúcháin cuí athbhreithniú agus monatóireacht ar eagrais dheimhnithe, lena chinntiú go leantar de chomhlíonadh na gcritéar.

In Éirinn, is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) an t-údarás maoirseachta bainteach atá freagrach as faomhadh critéir cosanta sonraí i scéimeanna deimhniúcháin agus tá Bord Creidiúnaithe Náisiúnta Éireann (**INAB**) freagrach as creidiúnú Forais Deimhniúcháin (**CBanna**)<sup>1</sup> a fheidhmíonn scéimeanna den saghas.

Cuimsítear sa treoir seo a leanas:

- cur síos gearr ar dheimhniú GDPR agus mar a oibríonn an DPC i bpáirt le INAB, CBanna agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (**EDPB**) ar chúrsaí deimhniúcháin,

---

<sup>1</sup>Uaireanta tagraítear dóibh níos foirmiúla mar Fhorais Measúnaithe Comhréireachta (CABanna)

- gluais croí-shainmhínithe agus téarmaí a úsáidtear go forleathan,
- rannán Ceisteanna Coitianta (CCanna) ar ghnéithe ar leith de dheimhniú GDPR.

## Deimhniú faoi GDPR

Go hachomair, imeasc nithe eile, is é atá leagtha amach sa GDPR:

- Tá iallach ar an DPC na critéir cosanta sonraí a fhaomhadh a fheidhmeofar laistigh de scéimeanna a bhaineann le táirgí agus/nó seirbhísí a phróiseálann sonraí pearsanta.
- Socrófar, le critéir na scéime go háirithe, mar a fheidhmítear oibríochtaí próiseála maidir le measúnú agus maolú rioscaí do shonraí pearsanta agus mar a shásaíonn agus a léiríonn siad comhlíonadh oibleagáidí bainteacha GDPR ag rialaitheoir agus/nó próiseálaí le cois mar a phléann siad le cearta úsáideora.
- Ní mór d'Fhorais Deimhniúcháin (CB) creidiúnú chaighdeán idirnáisiúnta ISO-17065/2012 a bheith acu le gur féidir leo scéimeanna deimhniúcháin cosanta sonraí a bhronnadh. Is féidir scéimeanna nua a chruthú ar aon dul leis an gcaighdeán seo ionas go bhféadann forais deimhniúcháin é seo a ghnóthú trína bheith creidiúnaithe lena leithéid de scéim.
- Cuireann an GDPR iallach ar Bhallstáit a chinntiú go bhfuil forais deimhniúcháin creidiúnaithe de réir Airteagal 43 den GDPR. In Éirinn, is é Bord Creidiúnaithe Náisiúnta Éireann<sup>2</sup> (INAB) an t-aon fhoras creidiúnaithe amháin a fhéadann forais deimhniúcháin a chreidiúnú chun scéimeanna den saghas a sheachadadh le critéir fhaofa DPC.
- Tá sraith "[riachtanais bhreise](#)" socraithe ag an DPC lena gcois siúd atá leagtha amach cheana féin in ISO 17065/2012, le riar ag an INAB nuair a thugann sé creidiúnú do CB a bhfuil rún acu scéimeanna cosanta sonraí a fheidhmiú.
- Mar gheall ar riachtanais ISO-17065/2012 agus GDPR, tá scéimeanna deimhniúcháin cosanta sonraí teoranta ina réimse go dtí oibríochtaí próiseáil sonraí pearsanta. Ní chuireann sé seo bac ar an DPC agus ar an INAB comhoibriú le páirtithe leasmhara ar mheicníochtaí deimhniúcháin do phearsanra a bhfuil saineolas nó oibleagáidí cosanta sonraí acu ná d'uirlisí agus córais bhainistíochta a bhaineann le rialachas agus comhlíonadh, ach ní rachaidh siad seo faoi phróiseas foirmiúil DPC nó EDPB.
- D'fhéadfaí scéimeanna a cheapadh le go n-oibreoidh siad ag leibhéal náisiúnta, nó ar fud an AE ("Séala AE" mar a thugtar air), ach sa dara cás beidh comhchritéir de dhíth a chuireann san áireamh úsáid i ngach Ballstát.
- Féadann eagrais iarratas deimhniúcháin a dhéanamh le CBanna faoi scéim ar leith agus é a úsáid mar shlí le comhlíonadh a n-oibríocht(aí) p(h)róiseála ar leith a léiriú - an "Spríoc Mheastóireachta" nó "ábhar deimhniúcháin".

---

<sup>2</sup>Féach Alt 35 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 -

<http://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/7/section/35/enacted/en/html#sec35>

- D'fhéadfadh FBManna go háirithe glacadh leis go bhfuil soláthraithe nó próiseálaithe a bhfuil deimhniúcháin reatha, bhainteacha cosanta acu ag comhlíonadh oibríochtaí próiseála.

### Scéimeanna deimhniúcháin

In Éirinn agus i mballstáit eile AE faoi láthair, níl aon scéim ná meicníocht deimhniúcháin atá iomlán faofa agus ar aon dul le hAirteagail 42 agus 43 den GDPR. Tá an EDPB agus gach údarás maoirseachta AE ag iarraidh ar pháirtithe leasmhara scéimeanna náisiúnta den chineál seo a cheapadh agus a dheardh, chomh maith le scéimeanna nó "séalaí" ar fud AE.

Tá an DPC ag comhoibriú le páirtithe leasmhara d'fhonn feidhmiú scéimeanna oiriúnacha a bhfuil critéir cosanta sonraí acu is féidir a fhaomhadh agus a chur os comhair an EDPB le go n-athbhreithneofar agus go bhfaomhfar iad. Tá ár bpróiseas aighneachta i gcomhair fhaomhadh foirmiúil chritéir dheimhniúcháin GDPR á fhorbairt againn faoi láthair. Dála údaráis mhaoirseachta eile, tá ár riachtanais bhreise creidiúnaithe d'fhorais deimhniúcháin curtha isteach againn fosta chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí le go dtabharfar a dtuairim. Nuair a bheidh na riachtanais creidiúnaithe seo d'fhorais deimhniúcháin agus ár gcomhaontú oibre le INAB tugtha chun críche agus foilsithe againn, beimid in ann glacadh le haighneachtaí foirmiúla i gcomhair critéir dheimhniúcháin. San idirlinn, fáiltímid roimh fhiosruithe ó eagrais agus ó pháirtithe leasmhara eile atá ag forbairt critéir dheimhniúcháin GDPR nó a bhfuil siad forbartha cheana acu. Tá ár sonraí teagmhála thíos.

Nuair a bheidh scéimeanna den saghas faofa agus CBanna atá ag beartú na scéimeanna a fheidhmiú creidiúnaithe, féadann eagrais iarratas a chur isteach le go ndeimhneofar a n-oibríochtaí próiseála. Maidir le scéimeanna atá á bhfeidhmiú ag CB atá lonnaithe in Éirinn, INAB a bheidh i mbun an chreidiúnaithe. I gcás Séalaí AE, is sa bhallstát ina ndéanann an CB cinntí deimhniúcháin a dhéanfar an deimhniúchán ionas go bhféadfaidh eagrais Éireannacha deimhniú a iarraidh ar CBanna i mballstáit eile. Ar an dóigh chéanna, má fheidhmíonn CB in Éirinn Séala AE faofa, creidiúnaithe, féadann sé eagrais taobh amuigh d'Éirinn a dheimhniú. Faoi láthair, áfach, níl ann do Shéalaí AE faofa.

### Sainmhínithe

Sainmhínítear a lán téarmaí a úsáidtear i dtreoirínte EDPB agus i gcaighdeáin ISO i ndoiciméad [ISO 17000](#). Tá a sainmhínithe féin ag caighdeáin ISO eile.

- **Acht 2018:** An tAcht um Chosaint Sonraí, trína gcuirtear GDPR i bhfeidhm a thuilleadh in Éirinn.
- **Creidiúnú:** dearbhú tríú páirtí a bhaineann le gníomhaíochtaí an fhorais deimhniúcháin. Is é seo toradh an phróisis measúnaithe d'fhoras deimhniúcháin rathúil (mar chuid den phróiseas creidiúnaithe).
- **Foras creidiúnaithe:** foras a théann i mbun creidiúnaithe. Sa doiciméad seo agus in Éirinn, glactar leis gur INAB atá i gceist.
- **Iarratasóir:** eagrais a bhfuil iarratas déanta acu go ndeimhneofar a n-oibríochtaí próiseála.
- **Deimhniú:** an measúnú agus dearbhú neamhchlaonta, tríú páirtí go gcomhlíonann rialaitheoir sonraí agus/nó oibríochtaí próiseála de chuid próiseálaí critéir dheimhniúcháin.
- **Foras deimhniúcháin (CB):** foras tríú páirtí measúnaithe comhréireachta (**CAB**) a fheidhmíonn scéimeanna deimhniúcháin.
- **Critéir dheimhniúcháin:** na critéir a dtomhaistear oibríochtaí próiseála eagrais ina n-éadan i leith scéim dheimhniúcháin.
- **Meicníocht deimhniúcháin:** scéim fhaofa dheimhniúcháin atá ar fáil d'iarratasóir. Foras creidiúnaithe deimhniúcháin a chuireann an tseirbhís ar fáil, bunaithe ar chritéir fhaofa agus ar mhodheolaíocht mheasúnachta. Is é an córas é trínar féidir rialaitheoir agus/nó próiseálaí a dheimhniú.
- **Scéim dheimhniúcháin:** córas deimhniúcháin a bhaineann le táirgí, próisis agus seirbhísí sainithe lena mbaineann na riachtanais shainithe, rialacha sonracha agus gnáthaimh chéanna. Áirítear leis na critéir dheimhniúcháin (critéir cosanta sonraí GDPR san áireamh), caighdeán ábhartha, infheidhme agus modheolaíocht mheasúnachta.
- **Client:**<sup>3</sup> eagrais (an t-iarratasóir roimhe seo) atá deimhnithe ag an bhforas deimhniúcháin.

---

<sup>3</sup> Nuair a úsáidtear an téarma "client" sa Chaighdeán Idirnáisiúnta seo (ISO/IEC 17065/2012), baineann sé leis an "iarratasóir" agus leis an "client" araon, mura sainítear a mhalairt.

- **Údarás maoirseachta inniúil (CSA):** An tÚdarás maoirseachta GDPR a mhonatóiríonn agus a fhorfheidhmíonn feidhmeanna an GDPR ina chríocha. Cuirtear critéir cosanta sonraí faoi bhráid CSA le go bhfaomhfaí iad.
- **DPC:** An Coimisiún um Chosaint Sonraí – Údarás maoirseachta na hÉireann maidir leis an GDPR.
- **Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR):** Rialachán EU/2016/679 ar chosaint próiseáil sonraí pearsanta duine nádúrtha.
- **ISO 17065:** Is é ISO/IEC 17065/2012 an caighdeán comhréireacht measúnachta ina sainítear na riachtanais d'fhorais a dheimhníonn táirgí, próisis agus seirbhísí.
- **Foras Náisiúnta Creidiúnaithe (NAB):** An t-aon fhoras i mBallstát a ainmnítear de réir Rialachán (EC) Uimh 765/2008 de Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa a thugann creidiúnú faoi údarás de chuid an Stáit. In Éirinn, is é Bord Náisiúnta Creidiúnaithe Éireann (INAB) an NAB. Is é INAB an foras ábhartha i gcomhair dheimhniú GDPR in Éirinn.
- **Úinéir scéime:** duine nó eagrais atá freagrach as forbairt agus cothabháil scéim shainiúil deimhniúcháin. D'fhéadfadh sé gur foras deimhniúcháin, údarás rialtais, cumann trádála, grúpa d'fhorais deimhniúcháin nó eile an t-úinéir scéime.
- **Spríoc Mheastóireachta (SM):** an oibiacht atá le deimhniú. I gcás deimhniúchán GDPR, tagraíonn sé seo do na hoibríochtaí bainteacha próiseála atá an rialaitheoir agus/nó an próiseálaí ag iarraidh go measfar agus go ndeimhneofar iad. Bíonn riachtanais<sup>4</sup> sainithe i scéimeanna deimhniúcháin chun go ndeimhneofar SM nó oibiacht deimhniúcháin lena n-áirítear na hoibríochtaí próiseála a shocraítear agus a mheasúnaítear i gcomhair deimhniúcháin.

## Déan Teagmháil Linn

Má bhíonn ceisteanna go fóill agat i ndiaidh ár dtreoir agus CCanna a léamh, seol r-phost chuig [certification@dataprotection.ie](mailto:certification@dataprotection.ie)

## Tuilleadh eolais

Tá eolas tábhachtach d'fhorais deimhniúcháin atá, nó atá ag beartú a bheith, ag feidhmiú in Éirinn ar [shuíomh gréasáin INAB](#).

---

<sup>4</sup> Féach, mar shampla, ailt 4.1 agus 6.5 de ISO 17067



Tá eolas tábhachtach agus ábhartha fosta ar chuntasacht eagraíochtúil agus ar ghnéithe eile de chuid GDPR ar shuíomh gréasáin DPC.

### **Treoirlínte EDPB**

Tá glactha ag an EDPB le treoirlínte ar chreidiúnú forais deimhniúcháin faoi Airteagal 43 den GDPR (2016/679) agus ar oibríocht deimhniú eagrais agus critéir dheimhniúcháin faoi Airteagal 42 agus 43

Táthar ag dúil le go bhfoilseoidh an EDPB, in am is i dtráth, agus ar aon dul le hAirteagal 42(2) treoirlínte ar leith chun aghaidh a thabhairt ar conas is féidir meicníochtaí deimhniúcháin a shocrú mar uirlisí aistrithe chuig tríú tíortha agus eagrais idirnáisiúnta.

Is féidir teacht ar threoirlínte eile EDPB ar ghnéithe de phróiseáil sonraí pearsanta ar shuíomh gréasáin EDPB - [https://edpb.europa.eu/our-work-tools/general-guidance\\_en](https://edpb.europa.eu/our-work-tools/general-guidance_en)

### **Eagrais caighdeán**

Bíonn ról suntasach ag caighdeáin i gcreidiúnú agus deimhniúchán GDPR. Is bunlíne chomhaontaithe, chomhsheasmhach iad, arna measúnú ag saineolaithe, i gcomhair meicníochtaí deimhniúcháin a fheidhmíonn CBanna.

Tá an iomad foras agus eagrais ar fud na cruinne a fhorbraíonn caighdeáin a d'fhéadfaí a chuimsiú i scéimeanna deimhniúcháin cosanta sonraí a bhfuil sé beartaithe acu feidhmiú i gcomhthéacs náisiúnta nó Eorpach. Tá an DPC ag dúil, cé gur dócha gur caighdeáin Éireannacha, Eorpacha nó Idirnáisiúnta a bheidh mar bhunús le scéimeanna deimhniúcháin cosanta sonraí, nach ceanglas dlúth é seo. Tá cuid acu seo cuimsithe thíos ar chúiseanna tagartha.

#### *Eagrais caighdeán Éireannacha agus Eorpacha*

- In Éirinn, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann atá freagrach as forbairt Chaighdeáin na hÉireann.
- San Eoraip, is scátheagras do 34 foras caighdeán i dtíortha san Eoraip é Coiste na hEorpa um Chaighdeánú (CEN). Oibríonn CEN i bpáirt le CENELEC agus ETSI mar fhorais atá aitheanta ag an AE chun caighdeáin a fhorbairt agus a shainmhíniú ag leibhéal AE.

#### *Eagrais idirnáisiúnta agus earnála*

- Oibríonn An tAontas Teileachumarsáide idirnáisiúnta (ITU) na Náisiún Aontaithe ar chaighdeáin in earnáil na Teileachumarsáide.
- Is foras caighdeán idirlín é Tascfhórsa Innealtóireachta an Idirlín (IETF)

- Forbraíonn Feadhnacht an Ghréasáin Dhomhanda (W3C) sonraíochtaí agus treoirlínte teicniúla d'Ardán Gréasáin Oscailte.
- In SAM, foras rialtais darb ainm [National Institute of Standards and Technology](#) (NIST) a chuireann teicneolaíocht, tomhais agus caighdeán ar fáil, cúrsaí príobháideachta san áireamh.

### *Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán - ISO*

Forbraíonn agus foilsíonn [Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán](#) caighdeán a chomhaontaítear go hidirnáisiúnta. I measc na ndoiciméad atá foilsithe ag an ISO tá treoirlínte, nó catalóga de theicnící nó prionsabail. Iad sin a bhfuil riachtanais acu, is iondúil iad a bheith indeimhnithe nó d'fhéadfaí iad a chuimsiú i mbunús scéim nó meicníocht deimhniúcháin. Tá an ISO gníomhach i bhforbairt caighdeán a bhaineann le príobháideacht.

Ar na mallaibh, sheol ISO caighdeán nua chun cuidiú le heagrais plé le príobháideacht. - [ISO 27701](#) - ach tá cuid mhaith caighdeán bhainteacha eile acu ag céimeanna éagsúla forbartha agus cur i gcrích. Tá an liosta ar fáil ar a [suíomh gréasáin](#) agus áirítear leis roinnt caighdeán a bhaineann go díreach le deimhniú modhanna áirithe oibríochtaí próiseála.

D'fhéadfadh eagrais atá ag iarraidh creidiúnú agus deimhniúchán GDPR spéis ar leith a bheith acu ina bhfuil thíos:

- An caighdeán creidiúnaithe do tháirgí agus seirbhísí - [ISO 17065](#)
- An caighdeán creidiúnaithe do phearsanra - [ISO 17024](#)
- An caighdeán creidiúnaithe do chórais bhainistíochta - [ISO 17021](#)
- Treoir ISO ar scéimeanna a fhorbairt do ISO 17065 - [ISO 17067](#)
- Buntéarmaíocht agus bunphrionsabail ISO ar chreidiúnú- [ISO 17000](#)
- Treoir ISO ar fhorbairt agus sainiú critéar nó riachtanas - [ISO 17007](#)
- Bunchaighdeán ISO d'fhorais creidiúnaithe - [ISO 17011](#)
- Treoir ISO ar "chomhchritéir" a bhaineann le slándáil táirgí - [ISO 15408](#)

## CCanna ar Dheimhniúchán

### Céard é Deimhniúchán ó thaobh GDPR de?

Is é an sainmhíniú atá ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) "*Dearbhú tríú páirtí maidir le táirgí, próisis, córais nó daoine*". Ciallaíonn sé seo go gcinneann agus go ndearbhaíonn measúnóir neamhspleách go bhfuil riachtanais shonracha comhlíonta, faoi mar a bhaineann sé le deimhniúchán.

I gcomhthéacs an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), is uirlis chuntasachta é an deimhniúchán faoi Airteagail 42 agus 43, a bhfuil critéir aige atá faofa ag an údarás maoirseachta agus a bhfuil a réimse teoranta go dtí oibríochtaí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.

In Éirinn, ní mór d'fhorais deimhniúcháin a bhfuil sé beartaithe acu scéimeanna faofa deimhniúcháin cosanta sonraí a fheidhmiú a bheith creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta Creidiúnaithe Éireann (INAB) ar aon dul le ISO 17065 agus le riachtanais bhreise faoi mar atá socraithe ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC).

I gcomhthéacs níos leithne cosanta sonraí, iarrtar fosta ar údaráis mhaoirseachta deimhniúcháin a chur chun cinn. Mar shampla, b'fhéidir go mbainfeadh sé le pearsanra a bhfuil saineolas cosanta sonraí acu, cuir i gcás Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) nó le hoibleagáidí nó le haghaidh uirlisí agus córais bhainistíochta a bhaineann le comhlíonadh.

Beidh údaráis mhaoirseachta AE ag obair ar dheimhniúchán a chur chun cinn sna réimsí seo. I gcás roinnt údarás, is dócha go mbeidh fócas tosaigh gníomhaíochtaí deimhniúcháin ar scéimeanna atá ceaptha ag páirtithe leasmhara trínar féidir comhlíonadh oibríocht phróiseála a léiriú. Ar aon chuma, bíodh deimhniúchán ann i gcomhair oibríochtaí próiseála, pearsanra nó córais bhainistíochta, níltear ag dúil gur uirlis chuntasachta é chun comhlíonadh leathan nó "trasna an bhoird" GDPR a léiriú.

### Cé na réimsí oibre a bhaineann le scéimeanna deimhniúcháin?

Tá scéimeanna le haghaidh fhaomhadh DPC faoi Airteagail GDPR 42 agus 43 le bheith teoranta ina réimse go dtí oibríochtaí próiseála agus níor chóir iad a fheidhmiú i gcomhair deimhniúchán leathan 'comhlíonadh GDPR' do phearsanra ná do chórais bhainistíochta (ach d'fhéadfaí pearsanra agus córais bhainistíochta a chuimsiú mar ghné den oibríocht phróiseála).

Táthar ag dúil go n-úsáidfeadh deimhniúchán faoi GDPR go háirithe chun comhlíonadh a léiriú maidir le:

- Airteagal 24 - Freagracht an rialaitheora
- Airteagal 25 – Cosaint sonraí a cheaptar agus a réamhshocraítear
- Airteagal 28 – Léiriú barántas ag an bPróiseálaí Sonraí
- Airteagal 32 – Slándáil phróiseála
- Airteagal 46 – Aistrithe trí chosaintí cuí

Mar sin de, d'fhéadfaí scéimeanna teacht chun cinn sna réimsí seo a leanas de phróiseáil sonraí pearsanta:

- trédhearcacht i soláthar trialacha cothromaithe leasa dhlisteanáigh;
- dearadh córas teicniúil i bpróiseáil mórshonraí i gcomhair soláthar éifeachtach cearta úsáideora;
- próiseáil éifeachtach dintiúir, slándáil agus bainistíocht le haghaidh údaráithe agus sonraí aitheantais;
- teicnící sábháilte bréagaimnithe i bpróiseáil taighde leighis;
- tástáil bogearraí do riachtanais cosanta sonraí i seirbhísí gréasáin comhéadan úsáideora;
- formáidí agus cáilíochtaí coinneáil taifead, próisis rialaithe athruithe agus struchtúir chuntasachta do sheirbhísí ar líne a láimhseálann sonraí pearsanta; agus
- trédhearcacht éifeachtach d'algartaim a úsáidtear i soláthar seirbhísí poiblí.

### **Cé na buntáistí a bhaineann le Deimhniúchán?**

Is uirlis amháin é an deimhniúchán a fhéadann eagrais a chuimsiú agus iad i mbun a n-oibleagáidí chuntasacht GDPR. Má dhéanann siad é seo féadann siad a n-oibríochtaí próiseála a fheabhsú agus, lena chois, a mbearta comhlíonta a léiriú. D'fhéadfadh na bearta seo a bheith de bhreis ar íosriachtanais GDPR agus an Achta um Chosaint Sonraí 2018.

Dá thoradh sin, d'fhéadfadh sé gur cuidiú é an deimhniúchán chun trédhearcacht do dhaoine ar ábhar sonraí iad agus caidreamh gnó le gnó a fheabhsú m.sh. idir rialaitheoirí agus próiseálaithe, go gcuirfeadh ar a gcumas measúnú níos tapa, níos cruinne a dhéanamh agus tuiscint a bheith acu ar leibhéal cosanta sonraí táirgí agus seirbhísí eagrais. Cuirfidh sé seo le muinín daoine ar ábhar sonraí iad as láimhseáil sonraí pearsanta á déanamh ag rialaitheoirí agus próiseálaithe deimhnithe.

## **An riachtanas de chuid GDPR é an Deimhniúchán?**

Ní riachtanas ná oibleagáid do rialaitheoirí nó próiseálaithe sonraí é deimhniúchán GDPR agus is próiseas deonach é. Mar sin féin, féadann eagrais ar mian leis a bhearta comhlíonta a léiriú deimhniúchán a úsáid chun é sin a ghnóthú.

## **Cé a bhíonn rannpháirteach sa deimhniúchán agus cad a dhéanann siad?**

An iomad páirtithe atá bainteach le deimhniúchán agus creidiúnú GDPR

- Is é an DPC údarás neamhspleách na hÉireann atá freagrach as seasamh le buncheart daoine san AE go gcosnófaí a sonraí pearsanta. Is é a fhaomhann critéir cosanta sonraí i scéimeanna deimhniúcháin, a shocraíonn riachtanais creidiúnaithe forais deimhniúcháin agus a dhéanann monatóireacht ar feidhmiú na gcritéar agus na riachtanas seo.
- Is é [Bord Náisiúnta Creidiúnaithe Éireann](#) (INAB) gníomhaireacht na hÉireann a thugann creidiúnú d'fhorais deimhniúcháin trí údarás ón Stát, de réir rialachán AE [765/2008/EC](#), agus de réir shraith chaighdeán agus threoracha ISO 17000.
- Is é an [Bord Eorpach um Chosaint Sonraí](#) (EDPB) an t-eagrais GDPR a bunaíodh a fheidhmíonn, i measc nithe eile, meicníochtaí comhsheasmhachta maidir le húdarais mhaoirseachta, lena n-áirítear cinntí maidir le critéir scéimeanna náisiúnta agus Shéala AE.
- Is eagrais iad Forais Deimhniúcháin (ar a dtugtar fosta Forais Measúnaithe Comhlíonta) a chuireann ar fáil seirbhísí measúnaithe agus dearbhaithe d'eagrais agus a dheimhníonn go gcomhlíonann a ngníomhaíochtaí na riachtanais a leagtar amach i scéimeanna deimhniúcháin. I gcás scéimeanna deimhniúcháin GDPR, déanann forais deimhniúcháin é seo do scéimeanna atá ar aon dul le caighdeán ISO 17065.
- Is páirtithe leasmhara iad Úinéirí nó Dearthóirí Scéime a fhorbraíonn scéimeanna nó meicníochtaí deimhniúcháin cosanta sonraí.
- Eagrais atá ag feidhmiú mar rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí ar mhaith leo go ndeimhneofaí a n-oibríochtaí próiseála.
- Amach anseo, d'fhéadfadh Coimisiún AE reachtaíocht ar chaighdeán, meicníochtaí agus riachtanais a fheidhmiú nó a tharmligean.

## **Céard iad 'riachtanais bhreise'?**

Socróidh údarais mhaoirseachta a oibríonn leis na Forais Náisiúnta Creidiúnaithe a riachtanais bhreise creidiúnaithe féin d'fhorais deimhniúcháin atá ag iarraidh creidiúnú dá scéim cosanta sonraí. Is riachtanais iad seo atá de bhreis orthu sin atá leagtha amach cheana féin i gcaighdeán ISO 17065/2012 (agus roinnt eile a bhfuil gá ag an INAB leo). Tá siad dírithe ar a chinntiú go gcomhlíonann CBanna na hoibleagáidí atá leagtha amach in Airteagail 42 agus 43 de GDPR, amhail léiriú:

- saineolas maidir leis an inneachar cosanta sonraí atá le deimhniú

- nósanna imeachta riarachán séalaí agus marcanna cosanta sonraí
- neamhspleáchas agus neamhchlaontacht ag na heagrais atá siad ag iarraidh a dheimhniú.

Tá riachtanais creidiúnaithe DPC, a ndéanfaidh INAB riarachán orthu le linn a bpróiseas creidiúnaithe, [foilsithe ar ár suíomh gréasáin](#).

### **Cé na critéir ar gá do DPC iad a fhaomhadh?**

Is sraith riachtanais eagraíochta agus theicniúla iad na critéir a bhaineann le réimse sainmhínithe agus "oibiacht deimhniúcháin" (oibríocht ar leith nó sraith oibríochtaí próiseála):

- atá leagtha amach i scéim dheimhniúcháin
- a chomhlíonann eagrais nuair a chuireann siad a mbearta agus rialuithe i bhfeidhm
- atá le measúnú agus ag foras deimhniúcháin.

Tá dúshraith na gcritéir deimhniúcháin cosanta sonraí le baint as prionsabail agus rialacha GDPR. Tá tuilleadh eolais ar fáil i dtreoirínte [EDPB](#) ina bhfuil mionsonraí ar a bhfuiltear ag dúil leis.

### **Cé a fhorbróidh scéimeanna agus critéir dheimhniúcháin?**

Leis an GDPR, féadann páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear forais deimhniúcháin, grúpaí tionscail agus údaráis mhaoirseachta scéimeanna deimhniúcháin a fhorbairt. Bíonn an DPC ag dúil gur dócha gur forais deimhniúcháin iad úinéirí scéimeanna deimhniúcháin, atá ag obair i bpáirt le páirtithe leasmhara eile, a cheapfaidh agus a fhorbróidh scéimeanna ina saineofar critéir cosanta sonraí.

Faoi láthair, níl scéim ar leith á forbairt ag an DPC ach seans go ndéanfaimid a leithéid feasta. Is é fócas reatha an DPC a chinntiú go bhfuil próisis agus córais i bhfeidhm againn féin agus ag an INAB chun deimhniúchán GDPR a éascú.

Tá roinnt critéir le díorthú ó phrionsabail agus rialacha GDPR a bhfuil trí bhunghné ag gabháil leo:

- Ba chóir go mbainfeadh siad le próiseáil sonraí pearsanta
- Ba chóir go mbainfeadh siad le córais theicniúla ar bith a úsáidtear chun na sonraí pearsanta a phróiseáil
- Ba chóir go mbainfeadh siad leis an bpróiseas atá in úsáid san/sna hoibríocht(aí) próiseáil sonraí pearsanta

In larscríbhinn 2 de Threoirlínte 1/2018 tá treoir ar athbhreithniú agus measúnú critéir dheimhniúcháin. Sainithnítear topaicí a mheasfaidh agus a fheidhmeoidh údarás maoirseachta cosanta sonraí agus an EDPB maidir le critéir dheimhniúcháin meicníocht dheimhniúcháin a fhaomhadh.

### **Cé leis/cén áit a ndéanann úinéir scéime nó foras dheimhniúcháin iarratas ar fhaomhadh scéim dheimhniúcháin GDPR?**

Bunófar an rogha ar cén áit a bhfuil iarratas ar fhaomhadh critéar le cur ar ionad an úinéara scéim dheimhniúcháin agus ar a ról mar pháirtí leasmhar. Tá na mionsonraí maidir leis seo á gcur i gcrích ag INAB (a phléann le CBanna de ghnáth) agus ba chóir d'úinéirí scéime é seo a chinntiú le INAB agus DPC roimh ré.

- Úinéirí scéime ar CBanna iad, ba chóir dóibh a scéimeanna agus iarratais a chur faoi bhráid an INAB go foirmiúil. Cuirfidh INAB é in iúl do DPC agus tosódh DPC ar chritéir cosanta sonraí a mheasúnú.
- Ba chóir d'úinéirí scéime nach CBanna iad a scéimeanna agus iarratais a chur faoi bhráid an DPC. Cuirfidh DPC é in iúl do INAB.

Sa dá chás, seiceálfar réamh-riachtanais agus más léir nach bhfuil scéim nó critéir oiriúnach i gcomhair measúnachta, d'fhéadfaí iad a sheoladh ar ais chuig an úinéir. Cuirfear foirm iarratais ar fáil ar chomhlánú an phróisis seo.

### **Cén suntas a bhaineann le Séala AE?**

Is féidir scéimeanna dheimhniúcháin cosanta sonraí a cheapadh agus a úsáid ar bhonn náisiúnta nó AE. Iad sin atá le húsáid ar fud an AE, is féidir '*Séalaí AE*' a thabhairt orthu má fhaomhann an EDPB iad.

Má tá scéim nó critéir dheimhniúcháin le húsáid ar fud an AE, is gá go mbeidh na critéir in-saincheaptha ar dhóigh a gcuirfear san áireamh aon rialachán náisiúnta a bhaineann le hearnáil ar leith nó aon riachtanas áitiúil.

Is gá don údarás bainteach náisiúnta cosanta sonraí critéir gach scéime den saghas a mheasúnú maidir le bailíochtú agus faomhadh agus ina dhiaidh sin ag an EDPB lena meas faoi mheicníocht chomhsheasmhachta GDPR.

### **Cad é mar is féidir fios a bheith againn an bhfuil próiseáil nó seirbhís eagrais dheimhnithe?**

Go ginearálta, is dócha go dtiocfar ar an eolas seo ar shuíomh gréasáin an eagrais. Is dócha fosta go gcoinneoidh forais chreidiúnaithe dheimhniúcháin liosta cothrom le dáta d'eagrais a deimhníodh, réimse a ndeimhniúcháin (an tseirbhís nó próiseas a

deimhníodh), agus mionsonraí ar cén uair a bronnadh agus a bheidh deireadh leis an deimhniúchán.

Foilseoidh an DPC a riachtanais creidiúnaithe agus mionsonraí aon chritéir scéime a fhaomhann sé (mar a dhéanfaidh an EDPB fosta).

### **An gciallaíonn deimhniúchán go bhfuil eagrais ag comhlíonadh GDPR?**

Ní chiallaíonn. Is meicníocht chuntasachta é deimhniúchán a chuireann ar chumas an rialaitheora sonraí a léiriú, le measúnú ó fhoras creidiúnaithe deimhniúcháin, gurb é cuspóir gnéithe áirithe oibríocht phróiseála aon bheart maolaithe riosca a ghabhann leo GDPR a chomhlíonadh.

Dá thoradh sin, is tábhachtach a chuimhneamh nach gciallaíonn deimhniúchán gur cinnte go bhfuil oibríocht phróiseála eagrais ag comhlíonadh GDPR. Ní féidir cinneadh comhlíonta GDPR a dhéanamh go dtí go scrúdóidh údarás maoirseachta oibríocht phróiseála.

### **Cad é an difear idir "deimhniúchán GDPR" agus deimhniúcháin eile?**

Baineann deimhniúchán faoi GDPR le foras creidiúnaithe deimhniúcháin measúnú a dhéanamh ar oibríocht phróiseála eagrais faoi scéim dheimhniúcháin ina bhfuil critéir atá faofa ag an údarás maoirseachta bainteach agus ag an EDPB.

Maidir le forais chreidiúnaithe deimhniúcháin, is féidir leo deimhniúcháin eile a bhaineann le sonraí pearsanta a dhéanamh faoi scéimeanna nach bhfuil critéir acu atá faofa ag údarás maoirseachta má bhaineann siad le nithe eile seachas oibríochtaí nó seirbhísí próiseála. Mar shampla, d'fhéadfadh scéimeanna den saghas tabhairt faoi cháilíochtaí agus taithí pearsanra, amhail oifigeach cosanta sonraí nó córas bainistíochta ina sainmhínítear polasaithe agus nósanna imeachta i ngníomhaíochtaí eagrais.

Is féidir le heagrais dhifriúla cineálacha eile deimhniúcháin a ghnóthú fosta i gcomhar le gníomhaireachtaí caighdeáin eile ach seans nach mbeadh baint ná gá acu le maoirseacht agus dearbhú chreidiúnú INAB.

### **Céard é ISO/IEC 17065/2012?**

Cuireann Airteagal 43 de GDPR iallach ar bhallstáit AE nach ndéanann a n-údarás deimhniúcháin creidiúnú iad féin, a chinntiú go gcreidiúnófar forais deimhniúcháin ina bhfuil saineolas ar chosaint sonraí trí fhoras náisiúnta creidiúnaithe a úsáideann caighdeán ISO 17065.



In Éirinn, is é INAB atá freagrach as an gcreidiúnú seo agus an DPC atá freagrach as na riachtanais bhreise a shainmhíniú a fheidhmeoidh INAB i leith forais deimhniúcháin den saghas.

Is caighdeán idirnáisiúnta é ISO 17065 do CBanna a bhfuil sé beartaithe acu táirgí, próisis agus/nó seirbhísí a dheimhniú faoi mar atá sainmhínithe i scéimeanna nó meicníochtaí deimhniúcháin ar leith. Tá leagtha amach ann:

- **riachtanais ghinearálta**, lena n-áirítear cúrsaí dlí agus conartha, bainistíocht neamhchlaontachta, dliteanais agus cistiúcháin, coinníollacha neamhleithchealacha, rúndacht agus faisnéis atá ar fáil don phobal;
- **riachtanais struchtúracha**, lena n-áirítear struchtúr eagraíochtúil agus ardbhainistíochta agus meicníocht chun neamhchlaontacht a chosaint;
- **riachtanais acmhainní**, lena n-áirítear pearsanra foras deimhniúcháin, acmhainní i gcomhair gníomhaíochtaí meastóireachta agus seachfhoinsí;
- **riachtanais próisis**, lena n-áirítear iarratais, athbhreithniú iarratais, meastóireacht, athbhreithniú, cinneadh faoi dheimhniúchán, cáipéisíocht deimhniúcháin, eolaire de tháirgí deimhniithe, faireachas, muirir a théann i bhfeidhm ar dheimhniú, scor, laghdú, fionraíocht nó cealú deimhniúcháin, taifid, agus gearáin agus achomhairc;
- **riachtanais córas bainistíochta** – lena n-áirítear roghanna cáipéisíocht córas ginearálta bainistíochta, rialú doiciméad, rialú taifead, athbhreithniú bainistíochta, iniúchtaí inmheánacha, bearta ceartaitheacha agus coisctheacha.

Faoi GDPR, sa chás nach ndéanann údarás maoirseachta Ballstáit an creidiúnú iad féin, saineoidh siad riachtanais bhreise a fheidhmeoidh a NAB i leith forais deimhniúcháin atá ag iarraidh creidiúnaithe chun scéim cosanta sonraí a fheidhmiú. Leagtar amach sa scéim na paraiméadair seo a leanas:

- an táirge, próiseas agus/nó seirbhís shainiúil atá le deimhniú - i dtéarmaí GDPR, is féidir é seo a fheiceáil mar "oibríocht phróiseála";
- na riachtanais shainiúla (m.sh. caighdeán) is gá don táirge, próiseas agus/nó seirbhís a chomhlíonadh;
- critéir shamplála don sprioc-oibríocht phróiseála atá le deimhniú;
- cineálacha agus teaglamaí de theicnící measúnaithe comhréireachta (m.sh. iniúchadh, cigireacht nó tástáil) a úsáidfear chun an táirge, próiseas agus/nó seirbhís a mheas;
- an próiseas atá le feidhmiú sa mheastóireacht, athbhreithniú agus cinneadh;
- an marc comhréireachta agus an rialú a ghabhann leis;
- Aon ghníomhaíocht is gá a dhéanamh le linn an fhaireachais.

Faoi GDPR, is gá critéir a bheith ag scéimeanna deimhniúcháin cosanta sonraí nach mór d'údarás maoirseachta cosanta sonraí nó don EDPB a fhaomhadh.

Sna doiciméid ISO seo a leanas tá treoir ar conas scéimeanna deimhniúcháin a chur sa siúl agus a bhainistiú do tháirgí, próisis agus seirbhísí:

- [ISO/IEC 17067:2013](#), *Measúnú comhréireachta - Bunphrionsabail deimhniúcháin táirge agus treoir do scéimeanna deimhniúcháin táirge*
- [ISO/IEC 17026](#), *Measúnú comhréireachta - Sampla de scéim deimhniúcháin táirge, ina bhfuil treoir ar conas scéimeanna deimhniúcháin a chur sa siúl agus a bhainistiú do tháirgí, próisis agus seirbhísí*
- [ISO 17007](#), *Measúnú comhréireachta - Treoir ar dhoiciméid normatacha a dhréachtú atá oiriúnach le húsáid sa mheasúnú comhréireachta*

[Iarscríbhinn 2 de Threoir EDPB 1/2018](#) ina bhfuil treoir ar athbhreithniú agus measúnú critéir dheimhniúcháin. Aithnítear inti topaicí a mheasúnódh agus a d'fheidhmeodh údarás cosanta sonraí agus an EDPB chun critéir dheimhniúcháin meicníocht deimhniúcháin a fhaomhadh.

Tá glactha ag an EDPB fosta le [treoir ar chreidiúnú forais deimhniúcháin faoi Airteagal 43 den GDPR \(2016/679\)](#)